Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1434

15.7.2025

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1434 ÓN gCOMHAIRLE

## an 15 Iúil 2025

## lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2023/888 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/888 ón gComhairle an 28 Aibreán 2023 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise gníomhaíochtaí lena ndéantar Poblacht na Moldóive a dhíchobhsú ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Aibreán 2023, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2023/888.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do Phoblacht na Moldóive agus dá hathléimneacht, dá slándáil, dá cobhsaíocht, dá geilleagar agus dá soláthar fuinnimh i bhfianaise gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha arna ndéanamh ag gníomhaithe seachtracha.

(3) I bhfianaise na staide i bPoblacht na Moldóive, measann an Chomhairle gur cheart seachtar agus trí eintiteas a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/888 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 15 Iúil 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS

([1]) IO L 114, 2.5.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/888/oj.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/888 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an tábla faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '17. | Alexandru BEŞCHIERU | Feidhm: Ceannaire ar pháirtí polaitiúil "Forța de Alternativă și de Salvare a Moldovei" ("Fórsa Malartach agus Slánaithe na Moldóive")<br>Dáta breithe: 5.7.1990<br>Áit bhreithe: Císineá, Poblacht na Moldóive<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is é Alexandru Beşchieru ceannaire an pháirtí pholaitiúil "Forța de Alternativă și de Salvare a Moldovei" ("FASM"), atá ar cheann de na páirtithe is comharba a d'eascair as páirtí polaitiúil ŞOR, ar páirtí coiscthe é, atá faoi stiúir Ilan Shor. I mí Aibreáin 2024, sheol Ilan Shor Victory/Pobeda Political Bloc i Moscó, rud a thugann na comharbaí a d'eascair as a pháirtí le chéile, lena n-áirítear FASM.<br>Mar cheannaire ar FASM, déanann Alexandru Beşchieru ionadaíocht don pháirtí agus comhordaíonn sé a chuid gníomhaíochtaí.<br>Dá bhrí sin, tá baint aige le Victory/Pobeda Political Bloc. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |
| 18. | Victoria FURTUNĂ | Feidhm: Polaiteoir - Ceannaire ar pháirtí polaitiúil "Moldova Mare"<br>Dáta breithe: 24.2.1981<br>Áit bhreithe: Hâncești, Poblacht na Moldóive<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is polaiteoir ó Phoblacht na Moldóive í Victoria Furtună a bhfuil tacaíocht shuntasach faighte aici ó Ilan Shor agus ó Victory/Pobeda Political Bloc, atá mar chomharba ar pháirtí polaitiúil ŞOR, ar páirtí coiscthe é, faoi stiúir Ilan Shor. Go háirithe, le linn thoghchán uachtaránachta 2024, moladh do bhaill Victory/Pobeda Political Bloc vóta a chaitheamh ar son Victoria Furtună, lena n-áirítear trí scéimeanna breabaireachta. Thairis sin, de shárú ar dhlíthe toghcháin lena dtoirmisctear feachtasaíocht a dhéanamh ar lá na dtoghchán, thug an duine liostaithe Ilan Shor agus a chomhpháirtithe treoir dá lucht tacaíochta chun vóta a chaitheamh ar son Victoria Furtună.<br>Dá bhrí sin, tá baint aici le Victory/Pobeda Political Bloc. Tá baint aici freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 19. | Vadim GROZAVU | Feidhm: Ceannaire ar pháirtí polaitiúil “Victorie” (an Bua)<br>Dáta breithe: 2.12.1984<br>Áit bhreithe: Poblacht na Moldóive<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is é Vadim Grozavu ceannaire an pháirtí pholaitiúil“Victorie”, atá ar cheann de na páirtithe is comharba a d’eascair as páirtí polaitiúil ȘOR, ar páirtí coiscthe é, atá faoi stiúir an duine liostaithe Ilan Shor. I mí Aibreáin 2024, sheol Ilan Shor Victory/Pobeda Political Bloc i Moscó, rud a thugann na comharbaí a d’eascair as a pháirtí le chéile, lena n-áirítear Victory.<br>Mar cheannaire ar Victory, déanann Vadim Grozavu ionadaíocht don pháirtí agus comhordaíonn sé a chuid gníomhaíochtaí.<br>Dá bhrí sin, tá baint aige le Victory/Pobeda Political Bloc. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |
| 20. | Irina MIHAIL LOZOVAN | Feidhm: Polaiteoir - páirtí polaitiúil “Renaștere” (Athbheochan)<br>Dáta breithe: 27.12.1983<br>Áit bhreithe: Lipcani, Poblacht na Moldóive<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is polaiteoir i bPoblacht na Moldóive í Irina Lozovan ón bpáirtí polaitiúil Renaștere (“Renaștere”/“Athbheochan”), atá ar cheann de na páirtithe is comharba a d’eascair as páirtí polaitiúil ȘOR, ar páirtí coiscthe é, atá faoi stiúir an duine liostaithe Ilan Shor. I mí Aibreáin 2024, sheol Ilan Shor Victory/Pobeda Political Bloc i Moscó, rud a thugann na comharbaí a d’eascair as a pháirtí le chéile, lena n-áirítear Renaștere.<br>Ghlac Irina Lozovan páirt san imeacht sin agus bhí ról feidhmiúcháin aici i scéim bhreabaireachta Ilan Shor i gcomhthéacs na dtoghchán uachtaránachta agus an reifrinn bhunreachtúil maidir le haontachas leis an Aontas in 2024.<br>Tríd an mbonn a bhaint ar bhealach suntasach de reáchtáil na dtoghchán, tá Irina Lozovan freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i bPoblacht na Moldóive nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.<br>Tá baint aici freisin le Victory/Pobeda Political Bloc agus le Ilan Shor. | 15.7.2025 |
| 21. | Alexei LUNGU | Feidhm: Iriseoir, Uachtarán an pháirtí pholaitiúil “Șansă” (Deis)<br>Áit bhreithe: Poblacht na Moldóive<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is é Alexei Lungu ceannaire an pháirtí pholaitiúil “Șansă”, atá ar cheann de na páirtithe is comharba a d’eascair as páirtí polaitiúil ȘOR, ar páirtí coiscthe é, atá faoi stiúir an duine liostaithe Ilan Shor. I mí Aibreáin 2024, sheol Ilan Shor Victory/Pobeda political bloc i Moscó, rud a thugann na comharbaí a d’eascair as a pháirtí le chéile, lena n-áirítear Șansă.<br>Mar cheannaire ar Șansă, déanann Alexei Lungu ionadaíocht don pháirtí agus comhordaíonn sé a chuid gníomhaíochtaí. Dá bhrí sin, tá baint aige le Victory/Pobeda Political Bloc. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 22. | Alexandr NESTEROVSCHI | Feidhm: Polaiteoir<br>Dáta breithe: 11.1.1981<br>Áit bhreithe: Răuțel, Poblacht na Moldóive<br>Inscne: fireann<br>Náisiúntacht: Poblacht na Moldóive | Is polaiteoir ó Phoblacht na Moldóive é Alexandr Nesterovschi a raibh baint aige le scéimeanna breabaireachta a d'eagraigh an duine liostaithe Ilan Shor chun drochthionchar a imirt ar roinnt polaiteoirí ó Phoblacht na Moldóive chun gluaiseacht ar son na hEorpa a chruthú, de réir cosúlachta, ach a bhí á rialú ag Ilan Shor ó Mhoscó, dáiríre. Fuair Alexandr Nesterovschi, le linn a thrialach choiriúil, tacaíocht ón Rúis agus ó Ilan Shor. Gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain as éilliú polaitiúil air.<br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear trí iarracht a dhéanamh an t-ord bunreachtúil a dhíchobhsú nó a threascairt, tá Alexandr Nesterovschi freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas Phoblacht na Moldóive, nó den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i bPoblacht na Moldóive, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |
| 23. | Natalia PARASCA | Feidhm: Polaiteoir; ceannaire ar an bpáirtí polaitiúil "Renaștere" (Athbheochan); comhalta boird den eagraíocht "Evrazia"<br>Dáta breithe: 2.2.1990<br>Áit bhreithe: an Úcráin<br>Inscne: baineann<br>Náisiúntacht: Rúiseach | Is í Natalia Parasca ceannaire an pháirtí pholaitiúil "Renaștere" (Athbheochan), atá ar cheann de na páirtithe is comharba a d'eascair as páirtí polaitiúil ȘOR, ar páirtí coiscthe é, atá faoi stiúir an duine liostaithe Ilan Shor. I mí Aibreáin 2024, sheol Ilan Shor Victory/Pobeda Political Bloc i Moscó, rud a thugann na comharbaí a d'eascair as a pháirtí le chéile, lena n-áirítear Renaștere. Mar cheannaire ar Renaștere, déanann Natalia Parasca ionadaíocht don pháirtí agus comhordaíonn sé a chuid gníomhaíochtaí.<br>Tá sí ina comhalta freisin de bhord an eintitis liostaithe Evrazia, a bhfuil baint ghníomhach aige le scéimeanna maoinithe neamhdhleathacha Ilan Shor.<br>Dá bhrí sin, tá baint ag Natalia Parasca le Victory/Pobeda Political Bloc, Ilan Shor agus Evrazia. | 15.7.2025'; |

(2) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an tábla faoin gceannteideal 'B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí':

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '3. | A7 OOO<br>(A7 LLC) | An cineál eintitis: Cuideachta faoi dhliteanas teoranta<br>Seoladh: 125196 Moscó, District of Tverskoy Lesnaya Street 9 Room 2/10, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir chlárúcháin: 087101182757 | Bhunaigh Ilan Shor A7 in éineacht le roinnt cuideachtaí airgeadais i Moscó, i gcomhpháirtíocht le heintitis stáit na Rúise. Tá baint ag na cuideachtaí sin le hiarrachtaí a rinneadh chun tionchar a imirt ar thoghcháin uachtaránachta agus ar an reifreann bunreachtúil maidir le haontachas leis an Aontas a reáchtáladh i bPoblacht na Moldóive in 2024. Bhain Ilan Shor úsáid as A7 chun airgead a aistriú chuig vótálaithe, ag tairiscint íocaíochtaí mar mhalairt ar vótaí i gcoinne an reifrinn agus ar son iarrthóirí sonracha sna toghcháin uachtaránachta.<br>Tríd an mbonn a bhaint ar bhealach tromchúiseach de reáchtáil na dtoghchán, tá A7 freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i bPoblacht na Moldóive nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. Tá baint ag A7 freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |
| 4. | VICTORY/POBEDA POLITICAL BLOC<br>Политический блок "Победа" | An cineál eintitis: Bloc polaitiúil<br>Seoladh: Moscó, Cónaidhm na Rúise | Bhunaigh Ilan Shor Victory/Pobeda Political Bloc an 21 Aibreán 2024. Nuair a bunaíodh an bloc, bhí roinnt sínitheoirí suntasacha páirteach ann, lena n-áirítear Marina Tauber agus Evghenia Guţul, agus ceannairí na bpáirtithe "Deis" (Şansă), "Athbheochan" (Renaştere), "an Bua" (Victorie) agus "Fórsa Malartach agus Slánaithe na Moldóive" (Forța de Alternativă și de Salvare a Moldovei). Le linn an tionóil, toghadh Ilan Shor ina chathaoirleach ar an mbloc polaitiúil, Evghenia Guttul ina rúnaí feidhmiúcháin agus Marina Tauber ina rúnaí, ar daoine liostaithe iad an bheirt sin.<br>Tá baint ag Victory/Pobeda Political Bloc le faisnéis bhréagach a scaipeadh agus ltá sé ag gabháil do scéimeanna ceannaithe vótaí le linn na dtoghchán uachtaránachta agus an reifrinn bhunreachtúil maidir le haontachas leis an Aontas a reáchtáladh i bPoblacht na Moldóive in 2024.<br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear tríd an mbonn a bhaint ar bhealach suntasach de reáchtáil na dtoghchán, tá Victory/Pobeda Political Bloc freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas Phoblacht na Moldóive, nó den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i bPoblacht na Moldóive, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Tá baint aige freisin le Ilan Shor. | 15.7.2025 |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| 5. | The Cultural Educational Centre of Moldova<br>(“Культурно-образовательный центр Молдовы”) | An cineál eintitis: Eagraíocht neamhbhrabúis uathrialaitheach<br>Seoladh: Moscó, Cónaidhm na Rúise<br>Uimhir chlárúcháin: 1237700920654 – 9705215107/770501001<br>Suíomh gréasáin: https://moldovacenter.ru/ | D’éascaigh Cultural Educational Centre of Moldova (Ionad Oideachais Chultúrtha na Moldóive) an próiseas maidir le cur isteach ar thoghcháin i dtoghcháin uachtaránachta 2024 trí dhearbháin saor in aisce a dháileadh ar vótálaithe a iompraíodh chuig stáisiún vótála i Moscó, agus an clár bolscaireachta “Cárta Shaoránach Phoblacht na Moldóive i gCónaidhm na Rúise” á chur chun cinn ag an am céanna. Rinneadh na gníomhaíochtaí sin i gcomhar le Ilan Shor agus le comhpháirtithe eile, chun tionchar córasach a imirt ar thorthaí toghcháin. Chuir Ilan Shor agus Evghenia Guttul, in éineacht leis an bpáirtí polaitiúil Victory, oscailt an Ionaid Oideachais Chultúrtha chun cinn i roinnt cathracha Rúiseacha. Baineadh úsáid as an ócáid lainseála freisin mar ardán chun clár oibre Victory/Pobeda Political Bloc, atá faoi stiúir Ilan Shor agus Evghenia Guttul, a chur chun cinn.<br>Tríd an mbonn a bhaint den phróiseas polaitiúil daonlathach, lena n-áirítear tríd an mbonn a bhaint ar bhealach suntasach de reáchtáil na dtoghchán, tá Cultural Educational Centre of Moldova (Ionad Oideachais Chultúrtha na Moldóive) freagrach as gníomhaíochtaí nó beartais a bhaineann an bonn de cheannasacht agus de neamhspleáchas Phoblacht na Moldóive, nó den daonlathas, den smacht reachta, den chobhsaíocht nó den tslándáil i bPoblacht na Moldóive, nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí nó beartais sin ar an méid sin. Dá bhrí sin, tá baint ag Cultural Educational Centre of Moldova (Ionad Oideachais Chultúrtha na Moldóive) le Ilan Shor. | 15.7.2025’. |